Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2024

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

# Gaeilge

Páipéar 1:

Léitheoireacht

**[G9574]**

*G9574*

**TUESDAY 21 MAY, MORNING**
**DÉ MÁIRT 21 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 bomaite.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Tá **60** marc ar fad ag dul don pháipéar seo.
Léiríonn na figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Gheobhaidh tú iatán sa pháipéar seo atá le húsáid le **ceist 2(a) agus (b)**.
Ná scríobh do fhreagraí san iatán seo.

14238

**1 Léigh an sliocht seo go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas.**

**TG4 – breis is 25 bliain ar an fhód**

Fiche bliain ag fás, fiche bliain faoi bhláth, a deirtear. Tá TG4 faoi bhláth anois agus cuid mhaith de na constaicí a bhí roimhe ag an tús sáraithe. Cinnte, tá éacht déanta nuair a chuimhnítear ar an oiread dúshlán a bhí roimhe maidir le struchtúr, teicneolaíocht, bainistíocht agus maoiniú. Anuas air sin, bhíothas ag dul i gcomórtas le domhan mór ilchainéalach mar aon leis na forbairtí sna meáin shóisialta a bhí le teacht. Bhí íomhánna éagsúla ag daoine faoin rud ba chóir a bheith ann ag an tús, agus bhí sé deacair teacht ar chomhthuiscint faoi cheisteanna praiticiúla, ainm an stáisiúin fiú. Anois agus an tseirbhís ann le breis is 25 bliain, ní féidir a rá go bhfuil gach ní foirfe. Tá míshástacht ann faoin méid Béarla a bhíonn ar chuid de na cláir, sna fógraí agus sna fotheidil. Is léir uaidh sin go bhfuil an Ghaeilge gan tábhacht.

Deir TG4 gur gá tuilleadh airgid sa todhchaí chun níos mó cláir Ghaeilge a dhéanamh. Tá beagnach €4 mhilliún breise de dhíth chun stáisiún nua do pháistí a bhunú. Tá dul chun cinn iontach déanta ag TG4 maidir le caomhnú na teanga, áfach. Tá na cláir spóirt, cheoil agus faisnéise ag mealladh pobal i bhfad níos leithne ná pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Aithnítear TG4 anois mar chuid lárnach de shaol na teilifíse. Dúirt Ardstiúrthóir an stáisiúin gur mhian le TG4 cláir do pháistí a choimisiúnú seachas iad a cheannach agus a dhubáil mar a dhéantar den chuid is mó go dtí seo. Ainneoin mealltacht roinnt den ábhar a dhéantar go speisialta do phobal na Gaeilge, is minic gur saghas bolscaireachta ar son na Gaeltachta agus na Gaeilge a bhíonn i gcuid acu.

Bíonn cláir faisnéise iontacha acu, clúdach cuimsitheach ar spórt agus cláir do dhaoine óga. Tá go leor daoine gafa leis an tsobaldráma Ros na Rún agus tá clár snasta nuachta acu gach oíche. D’éirigh leis an éagsúlacht seo íomhá nua-aimseartha a thabhairt don teanga agus tá go leor daoine ar fud na tíre meallta chun na teanga acu.

Is ar an todhchaí anois atáthar ag díriú. Táthar ag súil go gciallóidh breis acmhainní seirbhís lán-Ghaeilge amach anseo. “Cuireann ár straitéis nua béim ar réimse clár agus réimse ábhar nach ndearna muid a ndóthain iontu,” a dúirt Ceannasaí TG4. “Tá mé ag smaoineamh go háirithe ar an aos óg ag leibhéal réamhscoile, bunscoile, meánscoile agus suas go dtí aois 35. Cé go bhfuil ardchaighdeán ar an méid atá ar bun againn, níl ár ndóthain á déanamh maidir le cúrsaí nuachta agus an réimse digiteach. Ceann de na rudaí móra atá muid ag iarraidh a dhéanamh ná infheistíocht a dhéanamh san earnáil. Feicfidh daoine óga go bhfuil deiseanna ann gairm bheatha a bhaint amach a bheadh ag plé le cúrsaí teilifíse.” Ba mhaith le TG4 tacú le hÉireannaigh chumasacha chun scéalta spéisiúla agus comhaimseartha Gaeilge a léiriú. Ba mhian leis níos mó ábhar Gaeilge a fheiceáil ar an scáileán ag féilte agus sna hamharclanna agus é a bheith ar fáil ar Sheinnteoir TG4 ar fud an domhain. Is deis é seo chun tacú le tionscadail nuachruthaitheacha agus iad a fhorbairt.

*Foinsi: "'LÉAMHTHUISCINT: TG4 25 Bliain ar an bhfód', Tuairisc, Dé Máirt, Samhain 9 2021*
*© 2024 Tuairisc Bheo Teoranta*

*'€8.3m breise á lorg ag TG4 ón Rialtas i mBuiséad 2023', Tuairisc, Déardaoin, Iúil 7 2022*
*© 2024 Tuairisc Bheo Teoranta":*

**[Tiontaigh an leathanach**

**(a)** Ag úsáid an eolais sa tsliocht aimsigh cúig phíosa eolais a chuireann in iúl go raibh fadhbanna le sárú ag TG4 nuair a bunaíodh an stáisiún ag an tús, de réir an scríbhneora.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [1]

2. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [1]

3. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [1]

4. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [1]

5. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [1]

**(b)** Leis an eolas sa tsliocht, mínigh na dóigheanna a n-éiríonn leis an scríbhneoir an dul chun cinn atá déanta ag TG4 maidir le rogha na gclár a chur in iúl don léitheoir.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

**(c)** Mínigh trí dhóigh a ndéanann an scríbhneoir iarracht laigí agus lochtanna chláir TG4 a léiriú agus an stáisiún ag craoladh le breis is 25 bliain.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________ [2]

2. ______________________________ [2]

3. ______________________________ [2]

**(d)** Bain úsáid as focail agus frásaí ón tsliocht le míniú a thabhairt ar cheithre dhóigh ar éirigh leis an údar mianta TG4 do thodhchaí na seirbhíse a chur in iúl don léitheoir.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

3. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

4. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [2]

[Tiontaigh an leathanach

**2 Úsáid an t-iatán 'Plá na nDrugaí' leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.**

**(a)** Scríobhadh an t-alt seo le cur síos a dhéanamh ar cé chomh tromchúiseach is atá fadhb na ndrugaí sa tír seo. Léirigh tagairtí atá le feiceáil san iatán, focail, frásaí nó abairtí a chuireann seo in iúl.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

**(i)** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [4]

**(ii)** Aimsigh tionchar an scríbhneora sa téacs a léiríonn a bharúil maidir le réiteach na faidhbe seo.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(b)** Úsáid an t-iatán 'Plá na nDrugaí' chun an cheist a leanas a fhreagairt.

Scríobh alt a chuireann síos ar an dóigh a mbaineann údar an tsleachta úsáid as teanga le dul i bhfeidhm ort agus é ag cur síos ar mhéid na faidhbe seo.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

[15]

[Tiontaigh an leathanach

**3 Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla.**

Leis an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus san eolaíocht, is féidir le daoine anois rudaí éagsúla a dhéanamh ar a gcompord ina dtithe agus rud amháin den tsórt sin ná siopadóireacht ar líne.

Bíonn daoine gnóthach sa lá atá inniu ann ag saothrú a slí bheatha agus is ar éigean a fhaigheann siad seans le dul ag siopadóireacht. Le teacht na siopadóireachta ar líne, áfach, is féidir anois rud ar bith a ordú: éadaí, coisbheart, giuirléidí, fearais agus go leor eile.

Tá buntáistí iomadúla ag baint le siopadóireacht ar líne. Is féidir le siopadóireacht ar líne airgead a shábháil. Is bealach áisiúil é dóibh siúd nach bhfuil in ann cur suas le háiteanna plódaithe agus le hionaid siopadóireachta mar is féidir leo rud ar bith a ordú am ar bith, áit ar bith.

Cuireann siopadóireacht ar líne éagsúlacht mhór roghanna ar fáil nach féidir le siopadóireacht fhisiciúil a dhéanamh. Is féidir brabhsáil trí láithreáin ghréasáin éagsúla agus is féidir an táirge a roghnú de réir riachtanais.

Bhuel, tagann gach rud le roinnt míbhuntáistí chomh maith. Cé go bhfuil siopadóireacht ar líne éasca agus áisiúil, cuireann sé díomá ort uaireanta, áfach, cionn is nach mbíonn cuma mar a chéile uaireanta ar rudaí a ordaítear ar líne nuair a thagann siad chuig an doras.

Chomh maith leis sin, tá roinnt láithreáin ghréasáin bhréige ann a thugann tairiscintí iontacha chun tú a tharraingt isteach agus a mhealladh. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanann muid siopadóireacht ar líne go ciallmhar agus go han-chúramach chun aon fhadhb a sheachaint ar ball.

*Foinse: Adapted from Gafa le Siopadóireacht ar Líne, 08 April 2015 © The College View*

[10]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Ceist | Marcanna |
| 1(a) | |
| 1(b) | |
| 1(c) | |
| 1(d) | |
| 2(a) | |
| 2(b) | |
| 3 | |
| Iomlán na marcanna | |

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2024

# Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

**[G9574]**

**TUESDAY 21 MAY, MORNING**
**DÉ MÁIRT 21 BEALTAINE, MAIDIN**

# IATÁN

**Le húsáid le ceist 2.**
**Ná scríobh do fhreagraí san iatán.**



*Foinse: © Getty Images*

## 2. Plá na nDrugaí

Eisíodh tuairisc scanrúil faoi líon na ndaoine i dTuaisceart Éireann a cailleadh de bharr úsáid drugaí le déanaí. Is scanrúil an rud le rá é gur bhásaigh 189 duine in aon bhliain amháin de bharr drugaí agus fir óga a bhí i seachtar as gach deichniúr díobh.

Is léir don dall go bhfuil sé práinneach go gcuirfí feachtas ar bun ina mbeadh na háisíneachtaí uilig páirteach chun plá na ndrugaí a cheansú. Caithfear lucht thionscail na ndrugaí a smachtú, stop a chur lena bhforéigean agus le dáileadh a gcuid nimhe. Ní mór na coirpigh eagraithe a chúiseamh, a chiontú agus a chur as gnó. Ní mór freisin tarrtháil a thabhairt ar na daoine goilliúnacha a bhfaigheann na coirpigh agus na drugaí greim orthu.

Ba é 2018 an bhliain ba mheasa ó thaobh daoine ag fáil bháis de bharr drugaí agus bhásaigh a dhá oiread daoine an bhliain sin is a fuair bás ó dhrugaí in 2010. B'fhada gníomhaithe in aghaidh drugaí ag maíomh go raibh an fhadhb ag dul in olcas go sciobtha ach bhain an dearbhú seo siar as daoine. Bhí méadú mór i gcaitheamh bliana ar líon na marbh de bharr drugaí. Cláraíodh 136 bás in 2017 agus 56 duine sa bhreis a bhí i gceist in 2018. Den 189 duine sin a bhásaigh in 2018, bhí a bhformhór idir 25 agus 44 bliain d'aois, 72 duine idir 25 agus 34 bliain d'aois agus 50 duine idir 35 agus 44.

An sainmhíniú a thugtar ar bhás a raibh baint aige le drugaí ná bás a fháil mar gheall ar nimhiú ó dhruga, andúil nó mí-úsáid ar shubstaint rialaithe. Toisc gur staidreamh faoi chlár na marbh amháin a bhí i gceist sa tuairisc seo, níl aon tagairt sa tuairisc don choiriúlacht eagraithe ná d'ionsaí ar bith, do ghortú ar bith ná d'aon imeaglú i dtaca le fiacha as drugaí. Údar mór imní é go raibh meascán drugaí tógtha ag go leor díobh sin a fuair bás.

Is minic a chloistear go bhfuil cócaon chomh coitianta le gloine fíona ag cóisirí deireadh seachtaine ag lucht rachmais nó fiú ag an mheánaicme. Séanadh úsáideoirí é nó ná déanadh, ach cothaíonn an nós sin gnó na gcoirpeach eagraithe. Is léir ó na figiúirí seo go bhfuil drugaí amhail cócaon agus hearóin le fáil go héasca i gceantair lucht oibre agus i measc na mbocht. De réir figiúirí, faigheann a cúig oiread daoine bás ó dhrugaí sna ceantair faoi mhíbhuntáiste is a chailltear sna háiteanna is saibhre.

Tá na figiúirí uafáis sin ar dheasc Aire Sláinte Stormont. Is iomaí dúshlán atá roimh an Roinn Sláinte agus ní bheidh sé éasca réiteach a fháil ar fhadhb na ndrugaí.

*Foinse: 'LÉAMHTHUISCINT: Plá na nDrugaí' by Tuairisc, Dé Luain, Márta 2 2020*
*© 2024 Tuairisc Bheo Teoranta.*

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA
will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

14238.02/2